



Scagthástáil ar ailse phutóige: conas an tástáil a dhéanamh

Irish translation of - Bowel cancer screening: how to take
the test



Scagthástáil phutóige

Treoracha céim ar chéim ar conas an pacáiste tástála a úsáid

Cuireadh an pacáiste seo chugat mar chuid de chlár scagthástála Thuaisceart Éireann ar ailse phutóige. Tá an pacáiste ceaptha le húsáid i bpríobháideachas do thí féin agus ní gá duit ach dul go dtí an leithreas trí huaire chun é a úsáid. Ní gá duit ansin ach an pacáiste a chur isteach sa chlúdach litreach speisialta a chuirtear ar fáil agus é a chur ar an ngnáthphost saor in aisce chuig an ionad scagthástála.

*Léigh na treoracha seo a leanas ina n-iomlán le do thoil **sula** n-úsáidfidh tú an pacáiste.*

1. Ag ullmhú don tástáil

- Scríobh d'ainm, dáta breithe agus dáta an lae inniu ar an gcéad liopa (1) den phacáiste tástála.
- Tóg an pacáiste tástála, peann agus na treoracha seo leat go dtí an leithreas.
- Nigh do lámha agus triomaigh iad.
- Bris dhá mhaide ó na maidí cairtchláir a chuirtear ar fáil.
- Ardaigh an chéad liopa (1) – feicfidh tú dhá fhuinneog bheaga (A agus B). Ná hoscail an liopa a bhfuil 'DO NOT OPEN' (NÁ HOSCAIL) marcáilte air ar chúl an phacáiste; úsáidtear é seo do chúrsaí saotharlainne amháin. Ná hoscail na liopaí eile (2 agus 3) mar úsáidtear iad siúd chun samplaí a thógáil ar eile laethanta ar leith.



2. Ábhar feartha á bhailiú

- Tá sé tábhachtach **nach** dtagann ábhar feartha i dtadhall le huisce an leithris ná le babhla an leithris, mar d'fhéadfadh sé seo cur isteach ar an toradh tástála.
- Is féidir leat ábhar feartha a ghabháil ag úsáid píosaí fillte de pháipéar leithris i do lámh, nó trí do lámh a chur isteach i mála beag glan plaisteach, nó trí choimeádán glan aon uaire a úsáid.



3. Dhá shampla á thógáil ón ábhar feartha

- Ag úsáid ceann amháin de na maidí cairtchláir, tóg sampla an-bheag den ábhar feartha agus leath é **go gann** thar an chéad fhuinneog (A). Ansin cuir an maide de lámh síos an leithreas.
- Ag úsáid maide cairtchláir eile, tóg sampla eile **ó chuid eile** den ábhar feartha agus leath é seo ar an dara fuinneog (B). Déan an maide agus an cuid den ábhar feartha atá fágtha a shruthlú síos an leithreas. Más rud é gur úsáid tú mála plaisteach nó coimeádán aon uaire, cuir isteach i mála plaisteach eile é agus cuir sa bhosca bruscair amuigh é.



4. Nuair atá an sampla tógtha agat

- Nuair atá an dá fhuinneog faoin liopa (1) críochnaithe agat, fill an liopa ar ais ag úsáid an chluaisín a chuirtear ar fáil.
- Nigh do lámha agus triomaigh iad.
- Cinntigh go bhfuil do shonraí go léir curtha isteach agat ar an gcéad liopa (1).
- Tá na chéad dhá fhuinneog shampla críochnaithe agat anois. Beidh ort é seo a dhéanamh ar dhá lá breise **ar leith** ag úsáid liopaí (2) agus (3).
- Is féidir leat an pacáiste a choimeád sa seomra folctha ach é a chosaint ón teas díreach agus ó sholas díreach na gréine. Ná lig do leanaí nó d'ainmhithe teacht ar an bpacáiste.
- Coimeád na treoracha seo istigh leis an bpacáiste mar beidh ort dul i muinín leo arís.



5. An dara agus an tríú sampla den ábhar feartha á bhailiú

- Téigh go dtí an leithreas dhá uair eile (ar laethanta **difriúla**), agus lean céimeanna 1–4, ach úsáid an dara liopa (2) san **dara** huair a théann tú ann agus an **tríú** liopa (3) san tríú huair a théann tú ann.
- Tabhair faoi deara, le do thoil, gur chóir go mbeadh an dara agus an tríú liopa críochnaithe agat laistigh de **10 lá** ón lá a críochnaíodh an chéad liopa.
- Cinntigh go bhfuil an dáta ar tógadh na samplaí curtha isteach agat ar liopaí (2) agus (3).



6. Seicliosta deiridh

Agus samplaí á mbailiú agat an tríú huair, cinntigh go bhfuil na rudai seo a leanas déanta agat:

- D'ainm agus dáta breithe scríofa ar an bpacáiste tástála.
- Samplaí curtha ar gach ceann de na sé 'fhuinneog' (dhá fhuinneog faoi bhun gach liopa).
- Na dátaí ar bailíodh gach sampla scríofa ar na trí liopa.
- An dara agus an tríú sampla bailithe laistigh de **10 lá** ón lá ar tógadh an chéad shampla (más rud é nach ndearnadh é seo, cuir glao ar an líne shaorghlao chabhrach ar 0800 015 2514 chun eolas breise a fháil faoi cad ba chóir duit a dhéanamh).

Más rud é go bhfuil na treoracha go léir thuas comhlánaithe agat, cuir do phacáiste isteach sa chlúdach litreach saorpoist a chuirtear ar fáil agus séalaigh é.

Cuir an pacáiste ar an bpost **láithreach** mar tá sé tábhachtach go bhfaighidh an tsaotharlann an pacáiste chomh luath agus is féidir. Cloíonn an clúdach séalaithe litreach le rialacháin poist agus níl fadhb ann é a chur ar an bpost. Cinntigh le do thoil go bhfuil an clúdach glan chun oibriú poist a chosaint.

Go raibh maith agat as an tástáil a dhéanamh. Gheobhaidh tú litir roimh i bhfad leis na torthaí agus cad ba chóir duit a dhéanamh anois. Más rud é nach mbíonn scéal faighte agat uainn laistigh de dhá sheachtain nó má bhíonn deacracht agat agus an tástáil á dhéanamh agat, cuir glao ar an líne chabhrach le do thoil ar 0800 015 2514. Beidh foireann oilte chairdiúil sásta cabhrú leat agus do cheisteanna a fhreagairt faoi rún.

For further information or this leaflet in another language or format visit:

www.cancerscreening.hscni.net

